Glór na nGael

*Ag forbairt na Gaeilge i gcursaí pobail, gnó agus teaghlaigh*

# Folúntas Poist

**Folúntas Poist: Cúntóir Teanga**

Tá Glór na nGael ag lorg daoine le dul i mbun oibre mar Chúntóirí Teanga sna scoileanna seo a leanas:

- Leitir Ceanainn: Gaelscoil Adhamhnáin (11 uair sa tseachtain ar feadh 32 seachtain)
- Leitir Ceanainn: Coláiste Ailigh (9 n-uair sa tseachtain ar feadh 31 seachtain)
- Leitir Ceanainn: Gaelscoil Adhamhnáin & Coláiste Ailigh (20 uair sa tseachtain ar feadh 31 seachtain)

Tá Scéim na gCúntóirí Teanga taobh amuigh den Ghaeltacht á reáchtáil ag Glór na nGael thar ceann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, mar bheart sonrach ón bPlean Gníomhaíochta 2018 - 2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Is post páirtaimseartha é seo, ag ráta pá €23.20 san uair

Ag brath ar an scoil, beidh an Cúntóir Teanga freagrach as:

- Cuir le saibhreas cainte daltaí a bhfuil líofacht acu sa teanga
- Páistí a bhfuil cabhair bhreise ag teastáil uathu i dtaobh na teanga de
- Páistí nach í an Ghaeilge a dteanga dúchais

Beidh ar an gcúntóir stór focal, abairtí agus nathanna cainte, cluichí, scéalaíocht, srl a dhéanamh leis na páistí. Beidh an té a cheapfar ag obair faoi stiúir an phríomhoide / mhúinteoir ranga agus mar bhall d'fhoireann na scoile.

Tá sé riachtanach go mbeidh dea-thoil don Ghaeilge ag an té a cheapfar chomh maith le cruinneas labhartha. Ba bhuntáiste é cáilíocht sa Ghaeilge nó i gcúram leanaí, mar aon le taithí ar a bheith ag obair le páistí/déagóirí agus a bheith ag obair mar bhall d'fhoireann, a bheith ag iarrthóirí ach níl seo riachtanach. Beidh grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar an duine a cheapfar.

Tá tuilleadh eolais le fail ó Ghlór na nGael. Má tá suim agat sa bpost, líon isteach an fhoirm léiriú spéise seo **roimh 26.06.23** nó seol litir iarratais agus CV chuig:

Sara Ní Chuireáin
Glór na nGael
Ráth Chairn,
Co. na Mí
083 1314681 | sara@glornangael.ie

Tá an post seo maoinithe ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Is fostóir comhdheiseanna é Glór na nGael